# An Scéim Deontais
# do Chlubanna Óige Áitiúla 2025

**ina gcuimsítear**

# Na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha

**Foirm Iarratais**

AN ROINN LEANAÍ, COMHIONANNAIS, MÍCHUMAIS,
LÁNPHÁIRTÍOCHTA AGUS ÓIGE

Feabhra 2025

# Réamhrá

Tacaíonn an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (an SDCÓÁ) le gníomhaíochtaí club/grúpa óige faoi stiúir oibrithe deonacha ar leibhéal áitiúil. Soláthraíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) cistiú don Scéim agus riarann Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) an scéim go háitiúil thar ceann RLCMLÓ. Meastar gur comhdheontóir é an BOO don Scéim seo.

Tacaíonn an Scéim le gníomhaíochtaí club/grúpa do dhaoine óga; tugtar tús áite do chlubanna/ghrúpaí a fhreastalaíonn ar dhaoine óga idir 10 agus 21 bliain d'aois. Is é príomhdhíriú na Scéime chun cabhrú le clubanna/grúpaí óige áitiúla faoi stiúir oibrithe deonacha a sholáthraíonn clár gníomhaíochtaí oibre don óige do dhaoine óga. Anuas air sin, bíonn clubanna/grúpaí eile a oibríonn le daoine óga, ach nach bhfuil obair don ógra á soláthar acu go sonrach, i dteideal iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin Scéim.

Chun tacú le hobair oibrithe deonacha, agus lena chinntiú go gcloítear le caighdeáin cháilíochta ina n-obair le daoine óga, chorpraigh an RLCMLÓ na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha (na CCNGÓFSGÓanna) isteach sa Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla (an SDCÓÁ). Cuimsítear san Fhoirm Iarratais seo an dá ghné.

Tá na míreanna seo a leanas san Fhoirm Iarratais:

**Mír 1:** Cur Síos agus sonraí faoi do chlub/ghrúpa

**Mír 2:** Cuimsítear sa Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha. Caighdeáin cháilíochta náisiúnta iad seo a forbraíodh chun tacú le agus barr feabhais a chur ar obair dheonach le daoine óga. Is iad na trí Chaighdeán Cáilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha:

**Caighdeán 1: Sábháilteacht agus Folláine** – Déanann cláir, cleachtais agus daoine sábháilteacht, tacaíocht agus folláine daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.

**Caighdeán 2: Dírithe ar dhaoine óga** – Déanann cláir, cleachtais agus daoine rannpháirtíocht dheonach, cuimsiú agus glór daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.

**Caighdeán 3: Forbartha agus oideachasúil** – Déanann cláir, cleachtais agus daoine forbairt, gnóthachtáil agus dul chun cinn daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.

**Mír 3:** Sonraí faoin Deontas

**Mír 4:** Sonraí Airgeadais faoin gClub/nGrúpa

**Mír 5:** Dearbhú

**Tabhair ar aird le do thoil: Tá an club/grúpa áitiúil a dhéanann iarratas ar an BOO ar chistiú freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann sé riachtanais an SDCÓÁ ina gcorpraítear na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha.**

Caithfidh Cathaoirleach agus Cisteoir an chlub/ghrúpa an Dearbhú a shíniú ag deireadh na Foirme Iarratais. Trí shíniú, deimhníonn siad go bhfuil an fhaisnéis go léir a chuimsítear san Fhoirm Iarratais reatha, ar fáil agus cruinn. De bhreis air sin, tuigeann agus comhaontaíonn siad leis go soláthraítear aon deontas a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar an gclub/ngrúpa ar bhonn an chomhaontaithe deontais leis an BOO, faoi mar a leagtar amach sa doiciméadacht. Trí mhír an Dearbhaithe den Fhoirm Iarratais seo a shíniú, tuigtear gur féidir an fhaisnéis a sholáthraíonn Cathaoirleach agus Cisteoir an chlub/ghrúpa a sheiceáil ar mhaithe le fíorú agus chun trácht cuí a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin. Anuas air sin, caithfidh gach Eagraíocht Óige Náisiúnta (féach an liosta in Aguisín 2) Ráiteas Dearbhaithe a sholáthar maidir le clubanna/grúpaí cleamhnaithe i ngach limistéar BOO. Tugann an BOO féin faoi phróiseas dearbhaithe do chlubanna/ghrúpaí neamhchleamhnaithe. Dearbhaítear sa Ráiteas Dearbhaithe seo go bhfuil an Eagraíocht Óige Náisiúnta nó an BOO sásta maidir leis an méid seo a leanas i dtaca leis na clubanna/grúpaí a ainmnítear:

Tá an club/grúpa faoi stiúir oibrithe deonacha agus tá sé bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach daoine óga.

Tá 75% de chomhaltaí an chlub/ghrúpa idir aois 10 agus 21 bliain.

Féadfaidh an club/grúpa cuntas soiléir a thabhairt ar na tairbhí a bhaineann le bheith mar bhall den chlub/ghrúpa do dhaoine óga a ghlacann páirt ina gcláir.

Comhlíonann an club/grúpa na ceanglais go léir a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 go hiomlán.

Rinneadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar gach oibrí deonach fásta.

Tá cumhdach cuí árachais i bhfeidhm.

Tá rochtain ag oibrithe deonacha ar fhearas garchabhrach agus is féidir leo é a úsáid i gceart.

Tá Ráiteas, Beartas nó Nósanna Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta ag an gclub/ngrúpa **nó** oibríonn sé i leith Beartas Sláinte agus Sábháilteachta foirgneamh.

## Cáilitheacht don Scéim

Is é príomhdhíriú na Scéime chun cabhrú le clubanna/grúpaí óige áitiúla faoi stiúir oibrithe deonacha a sholáthraíonn clár gníomhaíochtaí oibre don ógra do dhaoine óga. Anuas air sin, bíonn clubanna/grúpaí eile a oibríonn le daoine óga, ach nach bhfuil obair don ógra á soláthar acu go sonrach, i dteideal iarratas a dhéanamh ar chistiú an SDCÓÁ.

Le bheith incháilithe do chistiú ón **Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla**, caithfidh an club/grúpa na critéir seo a leanas a shásamh:

Caithfidh sé a bheith faoi stiúir oibrithe deonacha agus caithfidh sé a bheith bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach daoine óga.

Caithfidh 75% de chomhaltaí an chlub/ghrúpa a bheith idir aois 10 agus 21 bliain.

Caithfidh sé a bheith in ann cuntas soiléir a thabhairt ar na tairbhí a bhaineann le bheith mar bhall den chlub/ghrúpa do dhaoine óga a ghlacann páirt i gcláir.

Caithfidh an club/grúpa cloí leis na riachtanais a leagtar amach i Mír 2 den Fhoirm Iarratais.

Caithfidh an club/grúpa na ceanglais go léir a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chomhlíonadh go hiomlán.

Caithfear grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach oibrí deonach fásta a oibríonn le daoine óga sula dtosaíonn siad le hobair dheonach a dhéanamh.

Caithfidh cumhdach cuí árachais a bheith i bhfeidhm.

Caithfidh rochtain a bheith ag oibrithe deonacha ar fhearas garchabhrach agus caithfidh gur féidir leo a bheith in ann é a úsáid i gceart.

Caithfidh Ráiteas, Beartas nó Nósanna Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta a bheith ag an gclub/ngrúpa. (Nóta: baineann seo le clubanna/grúpaí a bhfuil úinéireacht acu ar áitreabh. Caithfidh clubanna/grúpaí nach bhfuil úinéireacht acu ar áitreabh a dheimhniú gur léigh siad agus go n-oibríonn siad agus aird á tabhairt ar Bheartas Sláinte agus Sábháilteachta an fhoirgnimh.)

Caithfear faisnéis ar gach gné de na trí Chaighdeán Cáilíochta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha a bhain do chlub/ghrúpa amach a chur san áireamh i bhfreagairt d'Fhoirme Iarratais.

Caithfidh clubanna a fuair cistiú na Scéime Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla sa bhliain airgeadais roimhe seo Foirm Thuairiscithe an Chlub a chomhlánú, agus í a sheoladh ar ais lena n-iarratas.

**Tabhair ar aird, le do thoil, níl clubanna/grúpaí spóirt incháilithe chun cistiú a fháil faoi théarmaí na scéime seo.**

**Pointí is ceart a thabhairt faoi deara:**

Mar gheall go bhfuil an SDCÓÁ in ainm is tacú le grúpaí nach bhfuil cistiú tionscadalbhunaithe á fháil acu (e.g. iad siúd a bhfuil cistiú á fháil acu faoi Spriocscéimeanna cistithe don óige - tionscnaimh faoi stiúir foirne UBU D'Áit Do Spás), níl Ionaid Faisnéise don óige i dteideal iarratas a dhéanamh faoin SDCÓÁ. Tá

clubanna/grúpaí faoi stiúir oibrithe deonacha a d'fhéadfaí a chleamhnú do sheirbhísí óige faoi stiúir foirne agus reáchtálann oibrithe deonacha atá i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach.

Ní ghlacfar le hiarratais ó struchtúir áitiúla agus réigiúnacha den eagraíocht chéanna, araon. Mar shampla, ba cheart d'eagraíocht ina bhfuil comhairlí/coistí réigiúnacha agus aonaid/grúpaí áitiúla iarratas a dhéanamh ar an BOO mar aonad áitiúil, nó ba cheart dó struchtúr réigiúnach na heagraíochta a úsáid chun an t-iarratas a phróiseáil.

Meastar go bhfuil riail i bhfeidhm ina mbronntar deontas amháin ar chlub/ghrúpa amháin. Sa chás go bhfuil breis agus rannóg amháin ag club/grúpa amháin. Mar shampla, Grúpaí nó Clubanna nuair nach bhfuil ach rannóga Sóisearacha agus Sinsearacha i nGrúpaí, ní féidir ach iarratas amháin a dhéanamh do na haoisghrúpaí incháilithe, nuair atá 75% de na baill, ar a laghad, idir aois 10 agus 21 bliain. Beidh ar chlubanna/ghrúpaí comhoibriú go háitiúil chun an próiseas seo a éascú – tabharfaidh d'Oifigeach Óige/Forbartha Réigiúnach de chuid na hEagraíochta Óige Náisiúnta nó Oifigeach Óige/Idirchaidrimh an BOO an tacaíocht riachtanach chun cabhrú leat comhiarratas a ullmhú.

B'fhéidir go mbeidh Coistí Cluichí Pobail Áitiúla a sholáthraíonn gníomhaíochtaí óige neamhspóirt incháilithe do chistiú ón SDCÓÁ. Caithfidh an tOifigeach Óige/Idirchaidrimh BOO a bheith sásta nach bhfuil cistiú don chuspóir céanna ar fáil/nach bhfuair an Coiste Cluichí Pobail Áitiúil cistiú in áit eile. Déanfaidh Oifigigh Óige/Idirchaidrimh an BOO idirchaidreamh leis an gCoiste/gComhpháirtíocht Spóirt ábhartha.

Faoi mar a dtugtar le fios thuas, áfach, níl clubanna/grúpaí a dhíríonn go príomha ar spórt incháilithe chun cistiú a fháil faoin SDCÓÁ. Cuirtear tacaíochtaí eile cistithe, mar shampla, eagraíochtaí móra spóirt, an Chomhairle Spóirt, agus comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt, ar aird na gclubanna/ngrúpaí siúd.

Cloífear go docht daingean leis an spriocdháta chun iarratais a fháil ar an SDCÓÁ.

## Breis faisnéise

**Tá breis faisnéise ar an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla a chorpraíonn na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha ar fáil ar láithreán gréasáin gach BOO.**

Chomh maith leis sin, cuireann an RLCMLÓ sonraí iomlána ar fáil faoin Scéim. Mar gheall go bhféadfadh an cháipéisíocht athrú ó bhliain go bliain, is tábhachtach go n-úsáidtear an Fhoirm Iarratais chearta a sholáthraíonn an RLCMLÓ. Ní phróiseálfar foirmeacha iarratais neamhiomlána. Caithfear gach riachtanais tuairiscithe a shásamh sula ndéanfar breithniú ar aon chúnamh deontais nua. B'fhéidir go mbeidh faisnéis a sheoltar ar ais chuig BOOanna a bheith faoi réir reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise (2014).

**Más mian le do chlub/ghrúpa iarratas a dhéanamh ar dheontas, caithfear gach mír den fhoirm a chomhlánú.**

Mar gheall gurb ionann an cháipéis seo agus an teimpléad tuairiscithe do na CCNGÓFSGÓanna, mura mian leat iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais, níor cheart duit ach Míreanna 1, 2 agus 5 den fhoirm seo a chomhlánú. Má theastaíonn aon chabhair uait leis seo, déan teagmháil, le do thoil, le d'Eagraíocht Óige Náisiúnta (a liostaítear in Aguisín 2). Soláthróidh Oifigigh Óige BOO an tacaíocht agus treoir seo do chlubanna/ghrúpaí óige nach bhfuil cleamhnaithe le hEagraíocht Óige Náisiúnta.

### An dteastaíonn aon chabhair uait?

Má theastaíonn cabhair uait chun an Fhoirm Iarratais a chomhlánú, déan teagmháil le hOifigeach Óige/Idirchaidrimh do BOO áitiúil (féach Aguisín 1 san Fhoirm Iarratais seo chun teacht ar shonraí teagmhála ábhartha).

### Nóta:

**Féadfaidh an BOO teagmháil a dhéanamh le nó cuairt a thabhairt ar do chlub/ghrúpa chun aon fhaisnéis a sholáthraíonn tú a dheimhniú. Féadtar an fhaisnéis a sholáthraítear ar an bhFoirm Iarratais a roinnt leis an**

**eagraíocht a bhfuil do chlub/ghrúpa cleamhnaithe léi, chun an fhaisnéis a dheimhniú agus chun tuairim a nochtadh fúithi.**

**Cosaint sonraí**

Tá Boird Oideachais agus Oiliúna freagrach as an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla a riar agus a sholáthar thar ceann na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Chun oibleagáidí rialála agus reachtúla a chomhlíonadh, is féidir le BOOanna roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait, ar nós d'fhaisnéise teagmhála agus sonraí faoi do bhaill den bhord agus acmhainní soláthair foirne. Is féidir an fhaisnéis seo a roinnt leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige mar gheall gurb é siúd an roinn chuntasach don chistiú seo.

Ní choimeádfar foirmeacha iarratais agus faisnéis phearsanta a sheoltar chuig BOOanna ach do na cuspóirí a bhaineann le riar an chistithe. Coimeádfar faisnéis phearsanta ar chórais a fhad agus is riachtanach don ghníomhaíocht ábhartha, nó a fhad agus a leagtar amach in aon chomhaontú ábhartha.

Ná soláthair ach an fhaisnéis a theastaíonn chun an t-iarratas seo ar chistiú a chomhlánú, le do thoil.

**Dáta Deiridh:**

**Ní mór Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an BOO ábhartha leis an dáta deiridh forordaithe arna shocrú ag an BOO sin.**

**Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.**

# Mír 1 - Foirm Iarratais

| | |
|---|---|
| **1. Ainm an chlub/ghrúpa:** | |
| **2. Seoladh áitribh: (i.e. áit chruinnithe an chlub/ghrúpa):** | |
| **3. Sonraí Éirchóid an Áitribh:** | |
| **4. Sonraí teagmhála an duine atá freagrach as an iarratas seo:** | |
| Ainm: | |
| Post sa chlub/ghrúpa: | |
| Seoladh poist (Éirchód san áireamh): | |
| Ríomhphost: (an duine atá freagrach as an iarratas seo): | |
| Próifílí meán sóisialta an chlub/ghrúpa óige (e.g. Facebook, Twitter, etc.): | |
| Sonraí teagmhála gutháin an duine atá freagrach as an iarratas seo: | |
| Guthán Póca: | |
| Líne Thalún: | |
| **5. Uimhir Charthanais Chláraithe do chlub/ghrúpa (má Cláraítear é):** | |

| | | |
|---|---|---|
| **6. An bhfuil do chlub/ghrúpa cleamhnaithe le haon chinn de na hEagraíochtaí Óige Náisiúnta a liostaítear in Aguisín 2?** | **Tá** | **Níl** |
| | | |
| **Má tá, tabhair ainm na hEagraíochta Óige Náisiúnta:**<br>Má tá do chlub/ghrúpa cleamhnaithe le heagraíocht náisiúnta, tabhair ainm na heagraíochta sin, le do thoil.<br><br>**Mura bhfuil, tabhair sonraí na heagraíochtaí a dhéanann grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar oibrithe deonacha an chlub.** | | |
| | **Tá** | **Níl** |
| **7. An bhfuil do chlub/ghrúpa faoi stiúir oibrithe deonacha agus an bhfuil sé bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach daoine óga?** | | |
| **8. An bhfuil 75% de chomhaltaí do chlub/ghrúpa idir aois 10 agus 21 bliain?** | | |

**9. Tabhair cur síos gairid ar do chlub/ghrúpa le do thoil:**

Mar shampla: Cad a dhéanann do chlub / ghrúpa? Cé leis a ndéanann sé é sin? Cá ndéanann sé é sin? Conas a dhéanann sé é sin? *(Féadfaidh an cur síos seo a bheith mar an gcéanna leis an gceann a úsáideadh nuair a bhí tú ag clárú leis an Rialtóir Carthanas. (300 focal ar a mhéid)*

**10. Tabhair le fios, le do thoil, na príomhghníomhaíochtaí a sholáthraíonn do chlub/ghrúpa faoi láthair:**

| Lá | Am<br>(ó - go) | Gníomhaíocht | Líon na ndaoine óga a fhreastalaíonn | Líon na gceannairí deonacha fásta | Láthair |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**11. Tabhair sonraí, le do thoil, faoi cheannairí deonacha fásta agus comhaltaí club/grúpa:**

**(Lorgaítear an fhaisnéis seo a leanas chun a chur ar chumas don chlub/ghrúpa a thaispeáint go gcomhlíonann sé an riachtanas go bhfuil 75% den bhallraíocht idir 10 agus 21 bliana d'aois.)**

| **Líon na gceannairí deonacha fásta faoi láthair:** | **Fir** | **Mná** | **Eile/Ní Luaitear** |
|---|---|---|---|
| 18–25 bliain | | | |
| Os cionn 25 bliain | | | |
| **Iomlán:** | | | |
| **Líon iomlán na gceannairí deonacha fásta:** | | | |

| **Ballraíocht reatha:** | **Fir** | **Mná** | **Eile/Ní Luaitear** |
|---|---|---|---|
| Faoi 10 | | | |
| **10–14 bliana** | | | |
| **15–17 mbliana** | | | |
| **18–21 bliain (gan na ceannairí deonacha fásta thuas a áireamh)** | | | |
| 22–24 bliain (gan na ceannairí deonacha fásta thuas a áireamh) | | | |
| Os cionn 25 bliain (gan na ceannairí deonacha fásta thuas a áireamh) | | | |
| **Iomlán na Ballraíochta:** | | | |
| **Líon na foirne íoctha, más ann dóibh, a thacaíonn leis an gclub/grúpa óige:** | | | |

# Mír 2: Na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha

## CAIGHDEÁN 1: SÁBHÁILTEACHT AGUS FOLLÁINE

**Déanann cláir, cleachtais agus daoine sábháilteacht, tacaíocht agus folláine daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.**

**Caithfidh an méid seo a leanas a bheith i bhfeidhm i do chlub/ghrúpa, agus caithfidh fianaise a thacaíonn leis seo a bheith ar fáil ,más gá, le bheith incháilithe do chistiú ón SDCÓÁ.**

*Cuir tic thíos le do thoil* lena dheimhniú ✓

| | Tá |
|---|---|
| **A. Tá na ceanglais go léir a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 á gcomhlíonadh go hiomlán.** | |
| **B. Tá grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána á dhéanamh ar gach oibrí deonach fásta a oibríonn.** | |
| **C. Clúdach árachais iomchuí i bhfeidhm.** | |
| **D. Tá teacht ag oibrithe deonacha ar fhearas garchabhrach agus is féidir leo é a úsáid i gceart.** | |
| **E. Más leis an gclub/grúpa áitreabh**, deimhnigh go bhfuil Ráiteas, Beartas nó Nósanna Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm.<br>**NÓ**<br>**Mura bhfuil a n-áitreabh féin ag an gclub/grúpa**, deimhnigh go bhfaca siad Beartas Sláinte agus Sábháilteachta an fhoirgnimh agus go n-oibríonn siad ina thaobh. | |

**Sa chás go mbaineann seo le gníomhaíochtaí an chlub/ghrúpa, ba cheart an méid seo a leanas a bheith i bhfeidhm:**

| Luaigh, le do thoil, an bhfuil nó nach bhfuil an méid seo a leanas i bhfeidhm i do chlub/ghrúpa: ✓ | Iontráil ✓ thíos mar is cuí. | | Má cheapann tú go bhfuil cleachtais maidir le Caighdeán 1 i bhfeidhm i do chlub/ghrúpa, tabhair samplaí gearra thíos, le do thoil. |
|---|---|---|---|
| **F. Próiseas clárúcháin do bhaill an chlub/ghrúpa** | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |
| **G. Foirm toilithe tuismitheora / caomhnóra (do dhaoine faoi 18)** | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |
| **H. Foirm toilithe leighis** | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |

| Déan cur síos, le do thoil, ar limistéar amháin a d'fhorbair do chlub/ghrúpa le bliain anuas maidir le Caighdeán 1. |
|---|
| |

## CAIGHDEÁN 2: DÍRITHE AR DHAOINE ÓGA

**Déanann cláir, cleachtais agus daoine rannpháirtíocht dheonach, cuimsiú agus glór daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.**

| Luaigh, le do thoil, an bhfuil nó nach bhfuil an méid seo a leanas i bhfeidhm i do chlub/ghrúpa: ✓ | Iontráil ✓ thíos mar is cuí. | | Má cheapann tú go bhfuil cleachtais maidir le Caighdeán 2 i bhfeidhm i do chlub/ghrúpa, tabhair samplaí gearra thíos, le do thoil (100 |
|---|---|---|---|
| **A. Bíonn baint ghníomhach ag daoine óga in:** | | | |
| Gníomhaíochtaí pleanála | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |
| An club/grúpa a reáchtáil | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |
| **B. Gníomhaíochtaí ar fáil, inrochtana agus cuimsitheach.** | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |
| **C. Déan cur síos, le do thoil, ar limistéar amháin a d'fhorbair do chlub/ghrúpa le bliain anuas maidir le Caighdeán 2.** | | | |
| | | | |

## CAIGHDEÁN 3: FORBARTHA AGUS OIDEACHASÚIL

### Déanann cláir, cleachtais agus daoine forbairt, gnóthachtáil agus dul chun cinn daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn.

| Luaigh, le do thoil, an bhfuil nó nach bhfuil an méid seo a leanas i bhfeidhm i do chlub/ghrúpa: ✓ | Iontráil ✓ thíos mar is cuí. | | Má tá na cleachtais maidir le Caighdeán 3 i bhfeidhm/i bhfeidhm go pointe áirithe i do chlub/ghrúpa, tabhair míniú gearr, le do thoil, ar conas a shásaítear na caighdeáin i 100 focal ar a mhéid. |
|---|---|---|---|
| **A. Tá clár pleanáilte gníomhaíochtaí i bhfeidhm.** | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |
| **B. Aithnítear agus forbraítear riachtanais, cumas, suimeanna agus acmhainneacht daoine óga.** | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |
| **C. Aithnítear rannpháirtíocht agus gnóthachtáil daoine óga.** | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |
| **D. Cuirtear tacaíocht agus oiliúint ar fáil do cheannairí deonacha.** | I bhfeidhm | | |
| | I bhfeidhm go pointe áirithe | | |
| | Níl sé i bhfeidhm | | |

| E. Déan cur síos, le do thoil, ar limistéar amháin a d'fhorbair do chlub/ghrúpa le bliain anuas maidir le Caighdeán 3. |
|---|
| |

## Limistéir a bheartaítear a fhorbairt

Sa bhosca thíos, ainmnigh ar a laghad ceann amháin de na trí Chaighdeán a bheartaíonn tú obair air sa bhliain amach romhainn chun feabhas a chur ar reáchtáil do chlub/ghrúpa agus ar eispéireas na ndaoine óga a fhreastalaíonn air. **100 focal ar a mhéid**

| |
|---|
| |

# Mír 3: Sonraí faoin Deontas

Déan cur síos, le do thoil, conas a úsáidfear an deontas seo agus conas a chuirfidh sé barr feabhais ar an obair le daoine óga (e.g. oiliúint, árachas, tionscadal aonuaire, etc. 100 focal ar a mhéid).

| | |
|---|---|
| | |
| **Méid an deontais a lorgaítear (€3,000, ar a mhéid, nó ar aon dul le teorainneacha BOO áitiúil):** | € |

# Mír 4: Sonraí Airgeadais faoin gClub/nGrúpa

1. **Tabhair sonraí, le do thoil, ar an gcuntas bainc ar cheart an cúnamh deontais a thaisceadh ann, sa chás go n-éiríonn le d'iarratas ar dheontas (d'úsáid oifigiúil amháin). Caithfidh cuntas bainc an chlub/ghrúpa a bheith i gceist leis seo, seachas cuntas pearsanta.**

**Nóta:**

- Ní féidir aon deontais faoin Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla a íoc ach trí ríomhaistriú leictreonach (EFT) le cuntas bainc.
- Ní féidir íocaíochtaí EFT a dhéanamh le cuntais Oifig an Phoist nó le cuntais Chomhar Creidmheasa go díreach. **B'fhéidir** go soláthróidh roinnt Comhair Chreidmheasa saoráid do chlubanna/ghrúpaí, d'fhonn gur fhéidir íocaíochtaí a dhéanamh le cuntas bainc an Chomhair Chreidmheasa. Sna cásanna siúd, caithfear na sonraí cuntas bainc a sholáthraíonn an Comhar Creidmheasa a thabhairt thíos.

| | |
|---|---|
| **Ainm an chuntais bhainc:** | |
| **Ainm an bhainc:** | |
| **Seoladh an bhrainse:** | |
| **IBAN:** | |
| **BIC:** | |

| | |
|---|---|
| **Má tá tú cláraithe ar mhaithe le cuspóirí cánach, iontráil an Uimhir Chláraithe Cánach (UCC)** | |
| **agus an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC), le do thoil** | |

2. **Tabhair sonraí, le do thoil, faoin gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais roimhe seo. Úsáid an teimpléad a sholáthraítear lastall, le do thoil, nó seol a chomhionann de theimpléad féin an chlub/ghrúpa má sholáthraítear ann an fhaisnéis go léir a theastaíonn.**

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AN CHLUB/GHRÚPA DON BHLIAIN AIRGEADAIS: 2024

**Caithfidh gach club/grúpa an mhír seo a chomhlánú nuair a dhéantar iarratas ar chistiú. Mar rogha air sin, *seol cóip shínithe de chomhionann féin an chlub/ghrúpa* má sholáthraítear ann an fhaisnéis go léir a theastaíonn.**

| IONCAM A FUARTHAS | Méid € | CAITEACHAS A TAIBHÍODH | Méid € |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | | | |
| Suibscríbhinní/dleachtanna seachtainiúla | | Táillí cleamhnaithe | |
| Táillí bliantúla ballraíochta | | Cíos | |
| ***Deontais a fuarthas (liostaigh thíos iad, le do thoil):*** | | Árachas | |
| Deonta(i)s BOO | | Costais riaracháin | |
| **Deonta(i)s eile** | | Oiliúint | |
| | | Iompar | |
| ***Fáltais tiomsaithe airgid a fuarthas (liostaigh thíos iad, le do thoil):*** | | Ábhair/trealamh | |
| | | Costais chláir | |
| | | Costais teagascóra/foirne | |
| | | Imeachtaí speisialta | |
| | | Táillí iontrála | |
| ***Tabhartais a fuarthas (liostaigh thíos iad, le do thoil):*** | | Caiteachas eile (liostaigh thíos é, le do thoil): | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| ***Ioncam eile a fuarthas (liostaigh thíos iad, le do thoil):*** | | | |
| | | | |
| | | | |
| **(A) Iomlán** | **€** | **(B) Iomlán** | **€** |
| **Iarmhéid deiridh (A) – (B)** | **€** | | |

# Foirm Thuairiscithe an Chlub

| LE SEOLADH AR AIS CHUIG DO BOO ÁITIÚIL | | |
|---|---|---|
| 1 | **Scéim deontais:** | **An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla ina gcuimsítear na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibrithe Deonacha 2024** |
| 2 | **Ainm an deontaí:**<br>(i.e. grúpa a fuair an deontas) | |
| 3 | **Méid an deontais a bronnadh:** | € |
| 4 | **Méid an deontais a caitheadh:** | € |
| 5 | **Cur síos ar conas a d'úsáid an club/grúpa an deontas a soláthraíodh:** | |

**DEARBHÚ**

- Baineann na sonraisc/fáltais a úsáideadh chun tacú leis an tuairisc seo le gníomhaíochtaí agus seirbhísí a bhaineann go cuí le cuspóirí na scéime deontais.
- Íocadh suimeanna na sonrasc/fáltas agus coimeádfaidh an grúpa cóipeanna den chéanna agus cuirfear ar fáil iad le haghaidh cigireachta, má theastaíonn siad.
- Níor úsáideadh na sonraisc/fáltais agus ní úsáidfear iad chun tacú le héileamh eile ar aisíocaíocht ó aon mhaoinitheoir(í) eile (seachas faoi mar a fhoráiltear i socruithe comhchistithe a comhaontaíodh).
- Tá rialuithe leordhóthanacha airgeadais i bhfeidhm chun an deontas a fuarthas a bhainistiú.

**SÍNITHE THAR CEANN AN DEONTAÍ:**

| Ainm | Post | Dáta |
|---|---|---|
| | | |

| ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN | | |
|---|---|---|
| **Ba cheart d'Oifigigh Óige/Idirchaidrimh BOO a chinntiú go sásaíonn clubanna na critéir do cháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar an deontas. (Nóta: féadfaidh an BOO an mhír seo a chomhlánú go leictreonach ar a chóras taifeadta deontas inmheánach.)** | | |
| An bhfuil an grúpa incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla, Caighdeán 1, Pointí A-E: | **Tá** | **Níl** |
| Soláthair nóta tráchta gearr ar an iarratas ar dheontas: | | |
| Má tá an club/grúpa cleamhnaithe le hEagraíocht Óige Náisiúnta, an bhfuil sin curtha san áireamh ar a Ráiteas Urrúis? Mura bhfuil sé cleamhnaithe, scríobh 'N/B', le do thoil. | **Tá** | **Níl** |
| Má tugadh cuairt ar an gclub/ngrúpa mar chuid den tsampláil, iontráil dáta na cuairte, le do thoil: | | |
| Sa chás gurb infheidhme, soláthar nóta tráchta ar an gcuairt samplála: | | |
| Tá Foirm Thuairiscithe Club seolta ar aghaidh don bhliain roimhe sin (más infheidhme): | **Tá** | **Níl** |

Deimhním leis seo, gur scrúdaigh mé an fhaisnéis a chuimsítear san Fhoirm Iarratais seo agus táim sásta go bhfuil an club/grúpa incháilithe chun cistiú a fháil ón Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla.

| | |
|---|---|
| Méid an deontais a mholtar: | € |

**1.**
**Sínithe:** ______________________ ______________________

***Oifigeach Óige/Idirchaidrimh an BOO*** *Priontáil d'ainm i mbloclitreacha*

Dáta: ______________________

# Mír 5: Dearbhú

Deimhníonn an té a bhfuil a ainm leis seo thíos go bhfuil an fhaisnéis go léir a chuimsítear san Fhoirm Iarratais seo reatha, ar fáil agus cruinn. Tuigimid agus comhaontaímid leis go soláthraítear aon deontas a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar an gclub/ngrúpa ar bhonn an chomhaontaithe deontais leis an BOO a dhéanann é a riar, faoi mar a leagtar amach lastall. Tuigtear sin, más infheidhme, gur féidir leis an eagraíocht an fhaisnéis a sholáthraítear ar an bhfoirm seo a sheiceáil lena bhfuil an club/grúpa cleamhnaithe ar mhaithe le fíorú agus ráiteas a thabhairt ina dtaobh, agus tugtar toiliú, leis seo, chun an fhaisnéis a sholáthraítear ar an bhfoirm seo a roinnt ar na cuspóirí siúd.

**Tríd an Dearbhú seo a shíniú, tugtar toiliú don Bhord Oideachais agus Oiliúna riartha chun an fhaisnéis a sheiceáil a sholáthraítear san Fhoirm Iarratais seo, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh leis an Eagraíocht Óige Náisiúnta a shainaithnítear i Mír 1.6 den fhoirm seo.**

**1. Sínithe:** ______________________ ______________________

***Cathaoirleach*** *Priontáil d'ainm i mbloclitreacha*

**2. Sínithe:** ______________________ ______________________

***Cisteoir*** *Priontáil d'ainm i mbloclitreacha*

**Dáta:** ______________________

***NÍ MÓR FOIRMEACHA COMHLÁNAITHE A SHEOLADH AR AIS GO DÍREACH CHUIG OIFIGEACH ÓIGE/IDIRCHAIDRIMH AN BOO***

***(FÉACH SONRAÍ TEAGMHÁLA IN AGUISÍN 1)***

**DÁTA DEIRIDH: De réir an BOO ábhartha**

# Comhaontú Deontais leis an BOO Riartha

**Bronntar aon deontas a fhéadfaidh an RLCMLÓ (deontóir) a leithdháileadh ar an BOO (comhdheontóir) lena leithdháileadh ar an gclub/ngrúpa (deontaí) faoin Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla ar bhunús an chomhaontaithe, faoi mar a leagtar amach thíos. Tríd an Dearbhú a shíniú i Mír 5 den iarratas seo, comhaontaíonn an deontaí, leis seo, leis an méid seo a leanas:**

1. **Sprioc agus cuspóir an deontais:** Leithdháiltear an deontas seo chun cuspóir na Scéime Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla a chomhlíonadh agus tá sé le húsáid ar mhaithe leis an gcuspóir a dtugtar cuntas air san iarratas ar chistiú, faoi mar a fhaomhann an comhdheontóir. Ní cheadaítear aon athrú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an gcistiú nó an cistiú a atreorú, gan comhaontú an chomhdheontóra a fháil roimh ré.

2. **Prionsabail do Dheontaithe:** Leithdháiltear an deontas seo ar bhunús na bprionsabal agus na nósanna imeachta a dtugtar cuntas orthu i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le *Bainistíocht agus Cuntasacht do Dheontais ó Chistí an Státchiste*. Coinníoll den chistiú é go gcomhlíonann an deontaí Ráiteas na bPrionsabal do Dheontaithe, faoi mar a leagtar amach lastall.

3. **Tuairisciú**: Caithfidh an deontaí tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas an deontais lena dheimhniú gur úsáideadh é ar na cuspóirí faoi mar a dtugtar cuntas orthu san iarratas ar chistiú amhail a faomhadh, agus úsáid á baint as an bhfoirm fhaofa thuairiscithe. Má theipeann ar an deontaí tuairisciú a dhéanamh leis an gcomhdheontóir laistigh de thréimhse sé seachtaine i ndiaidh go n-iarrtar ar an tuarascáil, b'fhéidir go ndéanfar difear do chumas an deontaí chun teacht ar chistiú amach anseo.

4. **Deimhniú:** Caithfidh an deontaí nósanna imeachta cuí cuntasaíochta a chur i bhfeidhm, agus caithfear rochtain a thabhairt d'oifigeach tarmligthe de chuid an chomhdheontóra ar thaifid, ar nós ráitis iniúchta, caiteachas admháilte, cuntais bhainc, etc. amhail a d'fhéadfadh bheith ag teastáil chun úsáid an chistithe a fhíordheimhniú. Soláthróidh an deontaí a uimhir thagartha cánach nó uimhir charthanachta chláraithe, mar aon le deimhniú imréitigh cánach reatha don chomhdheontóir ar iarratas. Tá an ceart ar cosaint ag an gcomhdheontóir go bhfreastalóidh a oifigigh nó a ghníomhairí ar agus go labhróidh siad ag cruinnithe an deontóra i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le cistiú, más gá amhlaidh a dhéanamh faoi na cúinsí. Tá oibleagáid ar an deontaí chun leabhair agus cuntais a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, sa chás go mbíonn 50 faoin gcéad nó níos mó dá n-ioncam iomlán foinsithe ó Chistí an Státchiste. Freagróidh an deontaí go sásúil d'aon cheisteanna a sheolann an comhdheontóir agus/nó an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar aghaidh.

5. **Íocaíocht:** Ní dhéanfar íocaíochtaí ach leis an deontaí nuair a bhíonn siad le híoc, ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe seo. Má dhéantar deontas a ró-íoc, gheobhaidh an comhdheontóir aisíocaíocht. Ní thugann an deontas seo le tuiscint go bhfuil an comhdheontóir faoi cheangaltas aon chistiú amach anseo a íoc leis an deontaí don togra seo agus d'aon togra eile.

6. **Iarmhéideanna ag deireadh na bliana a choimeád**: I gcás iarmhéideanna neamh-mhínithe d'airgead deontais ag deireadh na bliana, i ndiaidh faomhadh an chomhdheontóra a bhaint amach, féadfaidh an deontaí na hiarmhéideanna seo, nó cuid díobh, a choimeád, má mheastar gur gá chun ceangaltais airgeadais a chomhlíonadh atá le comhlíonadh go fóill. Ba cheart na hiarmhéideanna siúd a choimeád a ísle agus is féidir agus cuirfear iad san áireamh nuair a dhéantar breithniú ar aon deontas ina dhiaidh seo a d'fhéadfaí a bhronnadh.

7. **An deontas a aithint:** Aithneoidh an grúpa tacaíocht an chomhdheontóra ag gach tráth. Caithfear ainm chomhdheontóra agus méid an deontais a fuarthas a thaispeáint in aon chuntais airgeadais de chuid an deontaí.

8. **Árachas:** Cinnteoidh an deontaí, ag gach tráth ábhartha, go bhfuil polasaithe leordhóthanacha árachais i bhfeidhm maidir le gach rannpháirtí fad a ghlacann siad páirt i ngníomhaíochtaí lena dtacaíonn an deontas seo. Ní bheidh an comhdheontóir faoi dhliteanas as aon ghortú, caillteanas nó díobháil dá laghad nó a mbíonn duine ar bith thíos leis ag aon ghníomh, mainneachtain nó easnamh ag rannpháirtí sna gníomhaíochtaí siúd.

9. **Oibreacha faoina dtugann an deontaí:** Beidh na hoibreacha go léir faoina dtugann an grúpa a bhíonn mar thoradh ar an deontas seo i gcomhréir le forálacha na reachtanna, rialachán agus na bhfodhlíthe ábhartha uile, agus beidh an dualgas ar an deontaí i dtaobh an toiliú agus an cead etc. go léir a fháil, cead pleanála, toiliú chun talamh a iontráil, nó cur isteach ar thalamh, maoin eile, nó ceart aon duine nó daoine eile.

10. **Sláinte agus Sábháilteacht:** Tá an fhreagracht ar dheontaí, agus an deontaí amháin, chun dul i mbun na mbeart riachtanach go léir le sláinte, sábháilteacht agus leas gach rannpháirtí a chinntiú an méid céanna agus ar an mbealach céanna faoi mar a cheanglaítear ar fhostóir amhlaidh a dhéanamh maidir le fostaithe. Ní ghlacann an comhdheontóir le freagracht ar bith as cobhsaíocht aon struchtúir nó as daingne aon ábhar a úsáideadh nó as a leordhóthanacht dá chuspóir a bhaineann le haon fhoirgnimh nó aon saoráid ina n-infheistíonn an deontaí faoi théarmaí an chomhaontaithe seo. Sa chas gurb infheidhme, caithfear na rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh. Tá deontaí, agus an deontaí amháin, freagrach as an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha sláinte agus sábháilteachta go léir a chomhlíonadh.

11. **Leas leanaí, daoine óga agus daoine fásta leochaileacha a chosaint:** Comhaontaíonn an deontaí chun na ceanglais go léir a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chomhlíonadh go hiomlán.

12. **Teip ar an gcomhaontú a chomhlíonadh:** Má theipeann ar an deontaí aon chinn de na téarmaí nó coinníollacha a chuimsítear sa chomhaontú seo a chomhlíonadh, féadfaidh an comhdheontóir iarraidh orthu amhlaidh a dhéanamh laistigh de 14 lá. Má theipeann ar an deontaí é sin a chomhlíonadh, i ndiaidh go ndéantar an iarraidh sin, íocfar an cistiú sin go léir nó cuid de, faoi mar a chinnfidh an comhdheontóir, leis an deontaí nó siarchoinneofar an cistiú sin go léir nó cuid de ón deontaí, nó asbhainfear an cistiú sin go léir nó cuid de ó aon deontais amach anseo a d'fhéadfaí a bhronnadh.

13. **Foirceannadh an chomhaontaithe:** Beidh an ceart ag an gcomhdheontóir chun an comhaontú seo a fhoirceannadh ag aon tráth i ndiaidh fógra míosa a thabhairt don deontaí agus, gan dochar a dhéanamh dá c(h)earta agus réitigh eile, má theipeann ar an deontaí chun téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe seo agus a n-oibleagáidí a leagtar amach ansin istigh a chomhlíonadh. Beidh éifeacht láithreach ag an gcealú siúd i ndiaidh go bhfaightear litir chealaithe ón gcomhdheontóir agus, sa chás go ndéantar aon chealú; ní dhéanfar aon éileamh i gcoinne an chomhdheontóra maidir le haon chaillteanas nó díobháil a dhéanfar dá bharr. Murar cuireadh tús, áfach, mí amháin i ndiaidh an dáta tosaigh a bheartaítear, leis an gclár lenar comhaontaíodh, measfar go ndearnadh an conradh seo a fhoirceannadh go huathoibríoch.

14. **Réiteach díospóide:** Sa chás go n-eascraíonn aon díospóid as an gcomhaontú seo, léirthuiscint nó comhlíonadh a sholáthair, pléifear gach díospóid den saghas sin leis an gcomhdheontóir agus an deontaí mar iarracht chun réiteach a shásaíonn an dá pháirtí a bhaint amach.

15. **Cosaint sonraí agus rúndacht:** Comhaontaíonn an deontaí chun na ceanglais go léir a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí (1988, 2003 agus 2018) agus na ceanglais go léir faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) a chomhlíonadh go hiomlán1. Geallann an deontaí don chomhdheontóir chun aon fhaisnéis/an fhaisnéis go léir a bhaineann le gnóthaí gnó an chomhdheontóra, a fuarthas mar thoradh ar an gcomhaontú seo a iontráil, a choimeád rúnda agus slán.

16. **Saoráil Faisnéise (SF):** Sa chás nach comhlacht an deontaí faoi réir SF, geallann an deontaí, nuair a iarrann an comhdheontóir amhlaidh, chun gach taifead nó aon taifead (faoi mar a shainmhínítear san Acht SF, 2014), a sholáthar don chomhdheontóir, a bhaineann le haon cheist dá bhforáiltear nó a thagann chun solais maidir le nó i ndáil leis an gcomhaontú seo.

17. **Ráiteas dearbhaithe:** Is ionann an fhoirm iarratais seo a shíniú, ina gcuimsítear an comhaontú seo, agus ráiteas dearbhaithe a dhéanann an deontaí go gcomhlíonfar go hiomlán na coinníollacha uile a chuimsítear laistigh den chomhaontú seo.

[1]Tháinig RGCS i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018.

18. **Tarscaoileadh:** Ní mheasfar gurb ionann aon teip ar an gcomhdheontóir chun aon fhoráil nó téarma den chomhaontú seo agus tarscaoileadh i leith na bhforálacha nó na dtéarmaí siúd, nó i leith an chirt a bheidh ag an bpáirtí feasta chun an céanna a chur i bhfeidhm.

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

## Ráiteas Prionsabal do Dheontaithe

**An bhfuil cistiú poiblí á fháil agat? Tugtar cuntas sa ráiteas seo ar na *4* phrionsabal a bhíonn i gceist i gcás comhlachtaí a bhfuil cistiú deontais á fháil acu a sholáthraítear go díreach nó go hindíreach ó fhoinsí Státchiste:**

| Soiléire | Rialachas | Luach ar Airgead | Cothroime |
|---|---|---|---|

**Má tá Cistiú Poiblí á fháil agat, ba cheart duit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

| | |
|---|---|
| **Soiléire**<br><br>Cuspóir agus coinníollacha an chistithe agus an t-aschur a theastaíonn a thuiscint.<br>Gan cistiú a úsáid ach ar na cuspóirí dá soláthraíodh é.<br>Gan iarratas a dhéanamh ar chistiú a tharraingt síos ach ar chuspóirí gnó.<br>Soiléiriú a lorg ón gcomhdheontóir nuair is gá – maidir le cistí a úsáid, rialachas agus socruithe cuntasachta. | **Rialachas**<br><br>*A chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm don mhéid seo a leanas:*<br>Maoirseacht agus riar cistithe.<br>Cistí a rialú agus a chosaint ó mhí-úsáid, míleithreasú agus calaois.<br>Taifid chuntasaíochta, ar féidir leo, ag aon tráth, faisnéis iontaofa airgeadais a sholáthar ar chuspóir, cur i bhfeidhm agus an t-iarmhéid atá fágtha den chistiú poiblí.<br>Cuntasaíocht do mhéid agus foinse an chistithe, a chur i bhfeidhm<br>agus a aschur/torthaí. |
| **Luach ar Airgead**<br><br>*Bheith in ann fianaise a sholáthar maidir leis an méid seo a leanas:*<br>Úsáid éifeachtach cistí.<br>An luach a baineadh amach i gcur i bhfeidhm cistí.<br>Cur amú agus rabairne. | **Cothroime**<br><br>Cistí poiblí a bhainistiú lena oiread ionracais agus iomláine agus is féidir.<br>Gníomhú ar bhealach a chomhlíonann na dlíthe agus oibleagáidí ábhartha (e.g. cáin, pá íosta).<br>Earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach cothrom agus trédhearcach.<br>Gníomhú go cothrom, go freagrach agus go hoscailte i ngach déileáil a dhéanann tú le do Dheontóir. |

## Aguisín 1 - Sonraí BOO

| BOO | Caighdeán na bpróiseas le tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt | Uimhir ghutháin agus sonraí teagmhála ríomhphoist an Oifigigh Óige/Idirchaidrimh | Seoladh |
|---|---|---|---|
| | | | |

*Liosta de theagmhálacha an BOO a bhí ceart tráth an fhoilsithe*

## Aguisín 2: Sonraí faoin Eagraíocht Óige Náisiúnta

| Eagraíocht Óige Náisiúnta | Láithreán Gréasáin |
|---|---|
| Briogáid na mBuachaillí | http://www.boysbrigade.ie/ |
| Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann | http://www.girlguidesireland.ie/ |
| Rannóg Óige Eaglais na hÉireann | http://ciyd.org/ |
| Crosscare | http://www.crosscare.ie/ |
| Cross Dherg na hÉireann | https://www.redcross.ie/ |
| Cuman Ceolfhhoine Óige na hÉireann | https://www.iayo.ie/ |
| ECO-UNESCO | http://www.ecounesco.ie/ |
| Feachtas | http://www.feachtas.ie |
| Foróige | http://www.foroige.ie/ |
| Briogáid na gCailíní, Éire | http://www.girlsbrigadeirl.ie/ |
| Cumann Cairde Cailíní | http://www.girlsfriendlysociety.ie/ |
| Banóglaigh na hÉireann | http://www.irishgirlguides.ie/ |
| Comhlachas Tráchtála Sóisearach Idirnáisiúnta | https://www.jciireland.ie/ |
| Localise | http://www.localise.ie/ |
| Macra na Feirme | http://www.macra.ie/ |
| Rannóg Óige agus Leanaí Mhodhaigh na hÉireann | http://imycd.org/ |
| Cónaidhm Náisiúnta na gClubanna Áirse, Éire | http://www.archclubs.com/ |
| No Name! Club | http://nonameclub.ie/ |
| Ógras | https://www.ogras.ie/ |
| Ord Mhálta Éireann | http://www.orderofmaltaireland.org/ |
| Gasógaíocht Éireann | http://www.scouts.ie/ |
| Amharclann Óige Éireann (NAYD roimhe seo) | http://www.youththeatre.ie/ |
| Obair Óige Éireann | http://www.youthworkireland.ie/ |